Cósta Gaelach
Ċonamara
& Árainn

**Cósta Gaelach Chonamara & Árainn CTR**

**Oifigeach Forbartha & Turasóireachta** ***(post ar chonradh)***

Tá post ar chonradh mar Oifigeach Forbartha & Turasóireachta, a mhairfidh suas le 3 bliana (ag brath ar mhaoiniú) á thairiscint ag an eagraíocht Cósta Gaelach Chonamara & Árainn CTR, d'iarrthóirí a bhfuil líofacht sa nGaeilge acu.

Tá tacaíocht do chruthú an phoist seo curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta mar chuid dá Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta chun Tograí Straitéiseacha Turasóireachta a fhorbairt ar fud na Gaeltachta.

Beidh an té a cheapfar páirteach i ngréasán de thograí straitéiseacha turasóireachta tras-Ghaeltachta. Beidh sé riachtanach páirt a ghlacadh i gclár oiliúna.

Duine cumasach le cáilíocht 3ú leibhéal ábhartha (Turasóireacht, Margaíocht, Teanga & Ealaíon mar shampla) agus taithí i gcur chun cinn agus i bhforbairt na hearnála turasóireachta sa Ghaeltacht a roghnófar.

**Ní mór d'iarrthóirí:**

- Ardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge
- Scileanna ríomhaireachta, riaracháin agus eagrúcháin (eolas ar phacáistí cuntasaíochta mar Sage)
- Tuiscint a bheith acu ar an Earnáil Turasóireachta áitiúil agus scileanna margaíochta náisiúnta/idirnáisiúnta
- Taithí a bheith acu i mbainistíocht shuíomh gréasáin (WordPress/CMS eile), eolas ar HTML/CSS, SEO, Google Analytics, cruthú ábhair dhigitigh (as Gaeilge agus Bearla)agus bainistíocht na meáin shóisialta

Íocfar liúntas €35,000 sa bhliain, mar aon le costais leis an té a cheapfar.

**Sonraí breise agus iarratais:** Seol C.V. agus litir chumhdaigh chuig turasoireachtcostagaelach@gmail.com roimh 5i.n. 4ú Lúnasa.

Le haghaidh fiosrúchán, déan teagmháil leis an seoladh céanna.